An Coimisiún um Thodhchaí na Meán
The Future of Media Commission

# Coimisiún um Thodhchaí na Meán

## 3ú Cruinniú - Déardaoin, an 26 Samhain 2020

**Mhiontuairiscí**

**I láthair:**

**Comhaltaí an Choimisiúin:**

- An tOllamh Brian Mac Craith (Cathaoirleach)
- Sinéad Burke Uasal
- An tOllamh Gillian Doyle
- An Dr. Finola Doyle O'Neill
- Lynette Fay Uasal
- Siobhán Holliman Uasal
- Mark Little Uasal
- Stephen McNamara Uasal
- Nuala O'Connor Uasal
- Alan Rusbridger Uasal

**Rúnaíocht:**

- Andrew Munro, Rúnaí don Choimisiún um Thodhchaí na Meán, Roinn an Taoisigh
- Cathal O'Regan, Roinn an Taoisigh
- Jerome Wholihane, Roinn an Taoisigh
- Mary McShera-Doyle, Roinn an Taoisigh
- John Murray, Roinn an Taoisigh
- Patricia Murphy, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Tríona Quill, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Mary Mooney, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

1. **Miontuairiscí an Chruinnithe Roimhe seo**

   Comhaontaíodh na miontuairiscí ón gcruinniú a bhí ag an gCoimisiún an 12 Samhain 2020 agus foilseofar iad.

2. **Sainmhíniúcháin Oibre ar Phríomhthéarmaí**

   Phléigh an Coimisiún na sainmhíniúcháin oibre leasaithe atá déanta ar phríomhthéarmaí. Moladh roinnt leasuithe eile agus rinneadh na sainmhíniúcháin oibre a cheadú faoi réir na leasuithe sin.

3. **Comhairliúchán maidir le Céim 1**

   Thug an Rúnaíocht achoimre don Choimisiún ar an bhfeachtas fógraíochta don chéad chéim den chomhairliúchán poiblí a bheidh le leathadh amach sna nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, ar stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnacha agus ar líne sa tseachtain amach romhainn. Cheadaigh an Coimisiún an páipéar chun treoir a thabhairt don phobal a bheidh rannpháirteach sa chomhairliúchán faoi réir roinnt leasuithe.

4. **Sonraíocht i leith taighde tomhaltais**

   Bhreithnigh an Coimisiún an achoimre ar an togra do thaighde tomhaltais agus aithníodh réimse saincheisteanna eile a chóir iad a bhreithniú mar chuid den taighde. Iarradh ar an Rúnaíocht sintéis ar an taighde tomhaltais atá déanta cheana a chur ar fáil agus mhol an cathaoirleach go ngabhfadh an Rúnaíocht i gcomhairle le baill aonair an Choimisiúin lena chinntiú go bhféadfaí a gcuid moltaí don taighde a ghabháil ar bhealach cuimsitheach. Beidh an Rúnaíocht i dteagmháil le baill an Choimisiúin.